RFA4

Iarratas ar iontráil i bhForlíonadh Chlár na dToghthóirí ag toghthóirí nach féidir leo vótáil ag a stáisiún vótála de bharr chúinsí a gcoinneála i bpríosún de bhun ordú cúirte

(Léigh na nótaí thall sula gcomhlíonann tú an fhoirm)

1. **Ainm (BLOCLITREACHA)**:

   _____

   [Cuir san áireamh sonraí ar nós Sins., Sóis., ainm eile nó inisil, má tá duine eile den chéadainm agus sloinne céanna cláraithe ag an seoladh céanna]

2. **Seoladh Baile Reatha** [1] **(BLOCLITREACHA):** _____

   _____

3. Cén uair a chéadchónaigh tú ag an seoladh thuas? _____

4. Cár chónaigh tú díreach roimh do sheoladh baile reatha ag 2 thuas? _____

   _____

5. Má chónaigh tú ag seoladh/-ltaí eile ó 1ú Meán Fómhair 2006 (seachas sa phríosún agus sna seoltaí a tugadh i 2 agus 4 thuas), luaigh na sonraí:

   _____

   _____

6. Dáta Breithe (féach nóta 3):
_____

7. Ticeáil (√) bosca amháin lena léiriú go bhfuil tú i do:

saoránach Éireannach	☐	saoránach Breatanach	☐
saoránach Stáit den AE (seachas an RA)	☐	saoránach ó thír neamh-AE	☐

8. (a) Ticeáil (√) bosca amháin mar is cuí lena léiriú go bhfuil tú:

   cláraithe cheana mar thoghthóir ☐
   neamhchláraithe riamh mar thoghthóir ☐

   (b) Má cláraíodh tú mar thoghthóir, luaigh an seoladh clárúcháin: _____

   _____

[1] Is é sin, an seoladh ina mbeadh cónaí ort faoi láthair mura mbeifeá i bpríosún. Beidh ar do chumas vótáil d'iarrthóirí sa dáilcheantar ina bhfuil an seoladh seo lonnaithe.

9. **Clár eagraithe**

Más mian leat go **bhfágfaí** tú as an gclár eagraithe, ticeáil (√) an bosca aistarraingthe thíos (féach nóta 5).

Bosca Aistarraingthe ☐

---

10. **Fógra**

Is gá an mhír seo a shíniú i láthair an oifigigh ábhartha [2] sa phríosúin (féach mír 11 agus nóta 6) .

Creidim go bhfuil an fhianaise atá tugtha agam fior agus déanaim iarratas a bheith san áireamh i bhForlíonadh Chlár na dToghthóirí.

Síniú nó Marc an Iarratasóra: _____

Dáta: _____

11. **Dearbhú Céannachta**

Is gá go gcomhlánfaidh an t-oifigeach ábhartha sa phríosún an mhír seo - féach nóta 6.

Dearbhaím gur shásaigh mé féin i dtaobh chéannacht an iarratasóra a shínigh nó a mharcáil mír 10 i m'fhianaise.

Síniú an Oifigigh Ábhartha: _____ Ainm **(BLOCLITREACHA)**: _____ Rang/Teideal: _____ Uimhir: _____ Teileafón: _____ Dáta: _____	Stampa an Phríosúin

[2] Is ionann "oifigeach ábhartha" agus an Gobharnóir nó duine atá ceaptha aige/aici chun dualgais clárúcháin agus vótáil-bhainteacha a chomhlíonadh.

RFA4

Nótaí

Iarratas ar iontráil i Liosta na Vótóirí Poist ag toghthóirí nach féidir leo vótáil ag a stáisiún vótála de bharr chúinsí a gcoinneála i bpríosún de bhun ordú cúirte

(Léigh na nótaí agus na treoracha seo go cúramach sula gcomhlánann tú na fhoirm)

1. Más mian leat a bheith san áireamh i liosta na vótóirí poist agus nach bhfuil d'ainm ar chlár toghthóirí [BLIAIN], is cóir duit an fhoirm seo (RFA4) a úsáid chun iarratas a dhéanamh go gcuirfí d'ainm i bhforlíonadh an chláir. Príosúnach a bhfuil a ainm san áireamh san fhorlíonadh agus i liosta na vótóirí poist, beidh sé/sí i dteideal vótáil tríd an bpost ag toghachán nó reifreann a eagraítear le linn shaolré an chláir. (Is gá foirm RFG a chomhlánadh, freisin, le bheith san áireamh i liosta na vótóirí poist.)

2. Le bheith san áireamh san fhorlíonadh ní mór:
   (a) go mbeifeá 18 bliain d'aois nó níos mó (féach nóta 3);
   (b) nach mbeifeá cláraithe cheana féin mar thoghthóir;
   (c) go measfaí thú mar ghnáthchónaitheoir ag an seoladh a mbeifeá i do chónaí ann mura mbeifeá do do choinneáil i bpríosún, agus luaite dá réir sin ar an gclár.

3. Maidir le 2(a) thuas, beidh duine i dteideal a ainm a bheith ar fhorlíonadh an chláir ar an lá a shroicheann sé/sí ocht mbliana déag d'aois nó ina dhiaidh, lena n-áirítear an lá a thiteann laistigh den tréimhse dar tús an sprioclá le hiarratais a fháil agus a chríochnaíonn lá na vótála. D'éascódh sé breithniú iarratais ó dhuine a shroicheann 18 bliain dá gcuirfí leis an bhfoirm cóip de theastas breithe nó cáipéis dá shórt.

4. Gach duine a dhéanann iarratas go gcuirfí a (h)ainm san fhorlíonadh, ní mór dó/di foirm ar leith a chomlánadh. Is cóir an fhoirm a chomhlánadh ina hiomlán chun nach mbeidh moill ar phróiseáil d'iarratais. Is gá an fhoirm a thabhairt ar láimh don oifigeach ábhartha sa phríosún, agus déanfaidh seisean socrú í a sheoladh chuig an údarás clárúcháin sa cheantar ábhartha, i.e. an Chomhairle Cathrach nó Contae.

5. **Dhá leagan den chlár**
   Ó 2004 i leith, bíonn ar na húdaráis chlárúcháin dhá leagan den chlár a fhoilsiú – an clár iomlán agus an clár eagraithe.

   Liostaíonn an clár iomlán gach duine atá i dteideal vótála agus ní féidir é a úsáid ach le haghaidh toghacháin nó chun críocha reachtúla eile.

   Cuimsíonn **an clár eagraithe** ainmneacha agus seoltaí daoine arbh fhéidir a sonraí a úsáid chun críocha eile seachas cúrsaí toghchánaíochta nó reachtúla, m.sh. úsáid dírmhargaíochta ag eagraíocht tráchtála nó eile. Mura dteastaíonn uait go gcuirfí do chuid sonraí ar an gclár eagraithe, is cóir duit an **bosca aistarraingthe** ag mír 9 den fhoirm a thiceáil. Má theastaíonn uait go gcuimseofaí do shonraí clárúcháin (i.e. iad a bheith ar fáil chun críche neamhreachtúla) is cóir duit an bosca aistarraingthe a fhágáil bán.

6. **Fógra/Dearbhú Céannachta**
   Is gá an fógra ag mír 10 den fhoirm iarratais a shíniú i bhfianaise oifigigh ábhartha an phríosúin. Má tá an t-oifigeach ábhartha sásta i leith do chéannachta, síneoidh, dátóidh agus stampálfaidh sé/sí mír 11 den fhoirm.

7. Má tá an t-iarratas á dhéanamh agat tar éis toghachán nó reifreann a bheith glaoite, tabhair faoi deara gur gá go sroichfeadh an t-iarratas an Chomhairle Cathrach nó Contae i gceist **faoin gceathrú lá déag (gan Domhnaigh, laethanta saoire poiblí agus Aoine an Chéasta a chur san áireamh)**

roimh lá an toghacháin, chun go measfaí é lena chur san fhorlíonadh don toghachán nó reifreann sin.

8. Cuirfidh an t-údarás clárúcháin a gcinneadh faoi d'iarratas in iúl duit agus, má dhiúltaítear é, luafaidh siad ábhar a dhiúltaithe. Má dhiúltaítear d'iarratas, beidh an ceart agat achomharc in aghaidh an chinnidh a chur chuig an gCláraitheoir Contae.

9. Is cion é gan an fhianaise a sholáthar a iarrann an t-údarás clárúcháin nó cláraitheoir an chontae chun críche a gcuid dualgas, nó fianaise bréige a thabhairt go feasach.